



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2015  
(OR. en)

6122/15

CYBER 5  
RELEX 114  
JAIEX 6  
TELECOM 32  
COPS 42

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

|        |                                                                |
|--------|----------------------------------------------------------------|
| ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle                                      |
| chuig: | na toscaireachtaí                                              |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCibearthaidhleoireacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCibearthaidhleoireacht, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an 10 Feabhra 2015.

---

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Cibear-Thaidhleoireacht**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

AG AITHINT DI go gcuireann saincheistanna cibearspáis, go háirithe an chibearshlándáil, cur chun cinn agus cosaint chearta an duine sa chibearspás, cur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana féin, an smacht reachta agus noirm sa chibearspás, rialachas Idirlín, an geilleagar digiteach, tógáil agus forbairt cibear-acmhainne agus cibear-chaidreamh straitéiseach deiseanna suntasacha ar fáil, ach tá dúshlán atá ag síorathrú ann do bheartas seachtrach an Aontais, lena n-áirítear an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála,

AG DEARBHÚ DI gur cheart don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna ilghnéitheacha cothrománacha sin le beartas comhleanúnach idirnáisiúnta cibearspáis a chuireann leasanna polaitiúla, eacnamaíocha agus straitéiseacha an Aontais chun cinn agus leanúint de theagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe agus le heagraíochtaí tábhachtacha idirnáisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach,

AG CUR I bhFÍOS GO LÁIDIR gur cheart go gcuirfeadh beartas le doiciméid bheartais atá ann cheana, go háirithe na Conclúidí ón gComhairle maidir le Clár Oibre Digiteach don Eoraip<sup>1</sup>, ar chomóradh bliana Chreat Straitéiseach agus Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas<sup>2</sup>, maidir le Straitéis Cibearshlándála an Aontais Eorpaigh<sup>3</sup>, agus maidir le rialachas Idirlín<sup>4</sup>,

---

<sup>1</sup> 10130/10 agus 9981/10 (Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Clár Oibre Digiteach don Eoraip (COM(2010) 245 final)).

<sup>2</sup> 12559/13 agus 11855/12 (an Creat Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta AE maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas).

<sup>3</sup> 12109/13 agus 6225/13 (Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis Cibearshlándála an Aontais Eorpaigh: Cibearspás atá Oscailte, Sábháilte agus Slán (COM (2013) 1 final)).

<sup>4</sup> 16200/14 agus 6460/14 (Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Beartas agus Rialachas Idirlín ról na hEorpa maidir le Rialachas Idirlín sa todhchaí a mhúnlú (COIM(2014) 72 leagan críochnaitheach)).

AG TABHAIRT DÁ hAIRE na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh sa Fhrainc le deanaí agus AG DEARBHÚ DI gur gá cur chuige cuimsitheach sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, lena gcuimseofar gníomhaíochtaí éagsúla i mbeartais éagsúla, lena n-áirítear i réimse an iompair, an airgeadais, na dteicneolaíochtaí faisnéise agus sa chaidreamh le tríú tíortha, de réir mar a leagtar amach sa dearbhú comhpháirteach ó na hAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu i Ríge an 29 agus an 30 Eanáir 2015,

AG ATHDHEARBHÚ DI seasamh an Aontais gur cheart go mbeadh feidhm ag na noirm, na prionsabail agus na luachanna céanna atá ag an Aontais as líne, go háirithe Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, an Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha, an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh agus Cairt um Chearta Bunúsacha an AE, agus go gcosnófaí iad sa chibearspás,

AG MEABHRÚ DI an tábhacht ar leith a bhaineann le cibearspás aonair, oscailte, saor agus slán a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-urramaítear go hiomlán agus lena léirítear príomhluachanna an Aontais maidir leis an daonlathas, cearta an duine agus leis an smacht reachta,

AG LEAGAN BÉIME DI ar an tábhacht a bhaineann le muinín trí infhaighteacht, slándáil, iontaofacht agus idir-inoibritheacht fheabhsaithe na cumarsáide ar líne agus ag tabhairt dá haire di go bhfuil an sreabhadh agus láimhseáil sonraí ar bhealach slán ag cabhrú leis an bhfás eacnamaíoch,

DE BHRÍ go bhfuil dúshlán ann do na páirtithe leasmhara go léir rannpháirtíocht iomchuí a áirithiú sna fóraim idirnáisiúnta, sna cruinnithe déthaobhacha agus iltaobhacha agus sna próisis maidir le saincheisteanna cibearspáis, atá ag méadú,

AG AITHINT DI go bhfuil sé ríthábhachtach, i bhfianaise an phlé idirnáisiúnta fhairsing, chasta, insint uileghabhálach, chomhleanúnach a fhorbairt maidir le cibear-shaincheisteanna san Aontas Eorpach,

## LEIS SIN

MEASANN SÍ go bhfuil sé bunriachtanach agus ríthábhachtach go ndéanfar tuilleadh forbartha agus go gcuirfear chun feidhme cur chuige cuimsitheach AE don chibearthaidhleoireacht ar an leibhéal domhanda a ndéanfar an méid seo a leanas leis:

- déanfar cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn leis agus beidh sé fothaithe ar an daonlathas, ar chearta an duine agus ar an smacht reachta, lena n-áirítear an ceart chun tuairimí a nochtadh; rochtain ar fhaisnéis agus an ceart chun príobháideachta, ar luachanna bunúsacha AE iad,
- áiritheofar leis nach mbainfear mí-úsáid as an Idirlíon chun an fuath agus an foréigean a spreagadh agus go mbeidh an tIdirlíon i gcónaí, agus na saoirsí bunúsacha á n-urramú go huile is hiomlán, ina fhóram chun tuairimí a nochtadh agus an dlí á urramú go huile is go hiomlán,
- déanfar cibearbheartas a bheidh bunaithe ar an gcomhionannas inscne a chur chun cinn,
- cuideofar le fás, rathúnas agus iomaíochas na hEorpa agus cosnófar príomhluachanna AE, inter alia, tríd an chibearshlándaíl a neartú agus comhar a fheabhsú chun an chibearchoireacht a chomhrac,
- cuideofar le bagairtí cibearshlándála a mhaolú, le coinbhleachtaí a chosc agus le cobhsaíocht níos fearr sa chaidreamh idirnáisiúnta trí úsáid a bhaint as ionstraimí taidhleoireachta agus dlí,
- cuirtear iarrachtaí chun cinn chun an múnla il-gheallsealbhóra do rialachas an Idirlín a neartú,
- cothaítear sochaithe atá oscailte agus rathúil trí bhearta forbartha cibear-acmhainne i dtríú tíortha lena gcuirtear feabhas ar chur chun cinn agus ar chosaint an chirt chun tuairimí a nochtadh agus an chirt chun rochtain ar fhaisnéis lena gcuirfear ar chumas saoránach lántairbhe a bhaint as buntáistí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch an chibearspáis, lena n-áirítear trí bhonneagair níos sláine a chur chun cinn,
- cuirfear comhroinnt na bhfreagrachtaí chun cinn i measc geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear trí chomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach mar aon le hinstitiúidí taighde agus acadúla i dtaca le cibear-shaincheisteanna,

TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach dochar na conclúidí seo ón gComhairle do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir AE agus a Bhallstáit ná do leithdháileadh na gcumhachtaí idir institiúidí AE, AGUS

IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar na Ballstáit oibriú as lámh a chéile, urraim a thabhairt do réimsí inniúlachta a chéile agus do phrionsabal na coimhdeachta, mar fhreagairt ar na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sna Conclúidí seo,

### **Ceartha an Duine sa chibearspás a Chosaint agus a Chur Chun Cinn**

CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór ceartha duine agus saoirsí bunúsacha an duine aonair, mar a chumhdaítear sna hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, a urramú agus a chosaint go cothrom ar líne agus as líne agus is díol sásaimh di gur dheimhnigh Comhairle NA um Chearta an Duine<sup>5</sup> agus an Comhthionól Ginearálta an prionsabal seo freisin,

IARRANN SÍ ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit:

- ceartha an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint sa chibearspás, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an ceart rochtana ar fhaisnéis, an ceart tionóla agus comhlachais, an ceart chun príobháideachta, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, agus a gcuid seasamh comhchoiteann a chaomhnú agus a chosaint go láidir i bhfóraim ábhartha dhomhanda agus réigiúnacha,
- cur go gníomhach le hoibleagáidí idirnáisiúnta chearta an duine a fhorghníomhú sa chibearspás,
- ceartha daonna íospartaigh na coireachta tromchúisí agus eagraithe a chosaint sa chibearspás trí imscrúduithe agus ionchúisimh éifeachtacha a chur chun cinn, rochtain thráthúil a cheadú d'údaráis inniúla ar fhianaise leictreonach, agus an dlí idirnáisiúnta agus na ceartha bunúsacha á n-urramú go hiomlán, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta,

---

<sup>5</sup> A/HRC/RES/20/8.

- malartú dea-chleachtas maidir le cur chun cinn agus le cosaint chearta bunúsacha sa chibearspás a spreagadh idir na geallsealbhóirí ábhartha ar fad, go háirithe an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus saoirse cainte agus an ceart chun príobháideachta,
- rochtain uilechoiteann, inacmhainne, chomhionann ar an Idirlíon a chur chun cinn agus go háirithe cumhachtú na mban agus na gcailíní i bhforbairt beartais agus in úsáid an Idirlín,

IARRANN SÍ ar AE agus ar a Bhallstáit cur chun feidhme Treoirlínte AE maidir le Saoirse chun Tuairimí a Nochtadh ar líne agus as líne agus Treoirlínte AE maidir le Cosantóirí Chearta an Duine a chur chun cinn, eadhon trí:

- dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn chun a áirithiú go n-urramaítear cearta an duine ar líne, lena n-áirítear i gcreat an onnmhairithe teicneolaíochtaí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh faireachais nó cinsireachta ag réimis thiarnasacha,
- tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag tríú tíortha rochtain saoránach ar theicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáide agus ar an Idirlíon agus a húsáid shlán a mhéadú agus a fheabhsú,
- feasacht a ardú agus geallsealbhóirí a chumhachtú TFC agus an tIdirlíon a úsáid chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha sa chibearspás a chur chun cinn,

### **Noirm iompair agus cur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana i réimse na slándála idirnáisiúnta**

IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh laistigh de Ghrúpa Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe maidir leis na Forbairtí i réimse na Faisnéise agus na Teileachumarsáide i gComhthéacs na Slándála Idirnáisiúnta, go háirithe a thuarascáil don bhliain 2013<sup>6</sup>, agus an comhaontú a baineadh amach go bhfuil an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Cairt na Náisiún Aontaithe, infheidhme maidir leis an gcibearspás agus go bhfuil sé rithabhachtach chun rioscaí a laghdú agus chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht a choinneáil,

---

<sup>6</sup> A/68/98.

IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an chéad sraith de Bhearta lena bhForbraítear Muinín sa Chibearshlándaíl faoi chreat ESCE<sup>7</sup> agus TÁ SÍ AG TNÚTH lena gcur chun feidhme, chomh maith le bearta a fhorbairt lena ndírítear ar fheabhas a chur ar iontaoibh agus comhar,

ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil AE agus a Bhallstáit tiomanta tacú go gníomhach le bearta den sórt sin a fhorbairt, trí chur chuige comhdhlúite agus comhordaithe agus lena n-áirítear i bhfóraim réigiúnacha eile amhail Fóram Réigiúnach ASEAN chun an baol míthuiscintí maidir lena gcaidreamh a laghdú agus spreagann sí níos mó rannpháirtíochta ó na Ballstáit chun na críche sin,

SPREAGANN SÍ an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit:

- iarrachtaí a dhíriú ar bhealach comhleanúnach agus comhordaithe agus rannchuidiú go gníomhach le comhthuiscint dhomhanda a bhaint amach maidir leis an gcaoi ina gcuirfear an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana i bhfeidhm sa chibearspás agus le forbairt norm le haghaidh iompar freagrach stáit sa chibearspás d'fhonn trédhearcacht agus muinín a mhéadú, i gcomhréir le forálacha an dlí idirnáisiúnta atá ann faoi láthair,

- tacú go láidir leis na prionsabail maidir le freagracht Stáit as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta agus na tionscnaimh atá riachtanach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta a chur i gcrích le cinntiú go ndéanfar iad a urramú agus a fhorfheidhmiú go hiomlán sa chibearspás,

- an seasamh go bhfuil an dlí idirnáisiúnta atá ann faoi láthair infheidhme sa chibearspás a chosaint go láidir,

LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag an Aontas agus a Bhallstáit i ndíospóireachtaí beartas agus imeachtaí idirnáisiúnta maidir le cibearspás, amhail "próiseas Londain" agus na comhdhálacha leantacha i mBúdaipeist agus i Súl, agus SPREAGANN SÍ iad leanúint lena n-iarrachtaí chun tacú leis an chéad Chomhdháil Dhomhanda Chibearspáis eile sa Háig in 2015, trí rannchuidiú leis an bhforbairt dhearfach agus dul chun cinn sa phróiseas sin agus, ag an am céanna, comhsheasmhacht a áirithiú sna teachtaireachtaí a thagann ó thaobh an Aontais,

---

<sup>7</sup> Buanchinneadh ón gComhairle Uimh. 1106 maidir leis an tsraith tosaigh beart cothaithe muiníne ESCE chun an baol coinbhleachta a eascraíonn as úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a laghdú an 3 Nollaig 2013.

## **Rialachas idirlín**

MEABHRAÍONN sí na Conclúidí a ghlac sí le déanaí maidir le Rialachas Idirlín<sup>8</sup> ina bhfuil seasamh an Aontais Eorpaigh ar an gceist sin agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann leis na Conclúidí sin os rud é gur cuid lárnach é rialachas Idirlín de chur chuige cuimsitheach AE don chibearthaidhleoireacht,

### **Feabhas a chur ar iomaíochas agus rathúnas an Aontais**

AITHNÍONN SÍ go bhfuil an tIdirlíon agus teicneolaíochtaí digiteacha mar chnámh droma don fhás eacnamaíoch ar mhargadh inmheánach an Aontais agus gur foinse chriticiúil iad a bhfuil na hearnálacha eacnamaíocha go léir ag brath orthu,

LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann go gcuirfeadh AE an margadh aonair digiteach chun cinn mar aon leis an gcreat rialála chun fiontair dhigiteacha agus ríomhthráchtáil san Eoraip atá iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt tuilleadh,

CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR nach féidir leis an ngeilleagar digiteach a bheith chomh maith agus is féidir leis ach amháin má áirithítear go gcosnófar sonraí ar líne, mar aon leis an mbonneagar bunúsach agus na réimsí bunúsacha a bhfuil níos mó deiseanna agus dúshlán os a gcomhair le teicneolaíochtaí nuálacha amhail néalríomhaireacht, ríomhaireacht shoghluaiste agus shóisialta, agus uirlisí anailíseacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le Mórshonraí,

AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le sreabha trasteorann sonraí chun fás a chur chun cinn agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus an tábhacht a bhaineann le muinín a áirithiú, trí infhaighteacht, slándáil, iontaofacht agus idir-inoibritheacht na cumarsáide ar líne,

AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an ról gníomhach atá ag an Aontas caighdeán TFC a leagan síos, lena saothrófar, a mhéid is féidir, forbairt caighdeán domhanda nó caighdeán idir-inoibritheacha ar fud an domhain lena n-áirithítear ardleibhéal slándála, lena gcuirtear trádáil iomaíoch, trasteorann ar líne chun cinn mar aon le samhlacha nua gnó trí phróisis chuimsitheacha ón mbun aníos agus lena gcuirfear san áireamh an obair atá ar siúl faoi láthair i gcreat ECFE, lena n-áirítear saincheistanna a bhaineann le cánachas,

---

<sup>8</sup> 16200/14.



SPREAGANN SÍ an tAontas agus a chuid Ballstát in éineacht leis an earnáil phríobháideach, na comhphobail theicniúla agus acadúla agus an tsochaí shibhialta dul i mbun oibre chun réitigh iontaofa, idirnasctha agus oscailte a fheabhsú chun timpeallacht oiriúnach, iomaíoch dhinimiciúil a chruthú do thionscail agus do sheirbhísí Eorpacha lena n-áiríteofar go mbeidh an tAontas ceannródaíoch mar ghníomhaí domhanda agus mar mhargadh don infheistíocht agus don nuáil,

IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar na Ballstáit:

- béim ar leith a leagan ar mhargadh aonair digiteach AE a chur chun cinn tuilleadh agus slándáil TF a fheabhsú, lena gcuirfear muinín faoi chúrsaí digiteacha chun cinn agus lena gcumasófar leas níos fearr a bhaint as TCFanna agus fás faoi stiúir TCF;
- an chaibidlíocht ábhartha a chur chun cinn laistigh de na fóraim iltaobhacha idirnáisiúnta faoi seach chomh maith le tacú leis an ngeilleagar digiteach a áireamh sna cláir oibre atá acu faoi seach;
- breathnú go córasach ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cosaint sonraí i gcomhar leis na comhpháirtithe agus na tíortha lárnacha idirnáisiúnta, agus chun leibhéal ard slándála TF a choinneáil, lena n-áirítear caighdeán ábhartha, agus ar an dóigh sin, féachaint ar na bealaí chun idir-inoibritheacht agus iniomparthacht ábhair agus sonraí úsáideoirí a chur chun cinn idir na hardáin éagsúla digiteacha;
- Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch a chur chun cinn mar chaighdeán íosta le haghaidh cosaint sonraí i dtríú tíortha,
- tacú le rochtain ar an margadh de mheon cómhalartach agus tairbhe frithpháirteach le tríú tíortha agus comhaontuithe saorthrádála á gcaibidliú aici, lena gcuirfear luachanna agus noirm AE san áireamh, lena n-áirítear cosaint sonraí,

### **Forbairt cibear-acmhainní**

ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le forbairt cibear-acmhainní i dtríú tíortha mar bhloc straitéiseach do na hiarrachtaí cibear-thaidhleoireachta atá ag feabhsú san Aontas chun cearta an duine, an smacht reachta, an tslándáil, an fás agus an fhorbairt a chur chun cinn agus a chosaint,

LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar TFCanna atá oscailte agus slán agus iad sin a úsáid chun fás eacnamaíoch agus nuáil a chumasú, agus dlús a chur leis an dul chun cinn agus feabhas a chur ar an bhforbairt pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíoch ar fud an domhain,

AITHNÍONN SÍ an gá atá ann an smacht reachta a chur chun cinn agus an méadú atá tagtha ar an gcoireacht eagraithe agus ar ghníomhartha neamhdhleathacha sa chibearspás a chomhrac, i gcomhréir leis an dlí um chearta an duine agus le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le cúnamh frithpháirteach dlíthiúil,

LEANANN SÍ de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht a chur chun cinn mar chreat don chomhar idirnáisiúnta,

SPREAGANN SÍ an tAontas agus a Bhallstáit GO LÁIDIR an méid a leanas a dhéanamh:

- cur chuige comhleanúnach agus domhanda a fhorbairt i réimse na forbartha cibear-acmhainní, lena dtugtar le chéile, ar thaobh amháin, an teicneolaíocht, forbairt scileanna agus beartas taobh istigh de chlár oibre forbartha agus slándála AE níos ginearálta agus níos uile-chuimsithigh agus ar an taobh eile lena n-éascófar samhail éifeachtach AE a dhearadh maidir le forbairt cibear-acmhainní;
- Forbairt cibear-acmhainní a bhunú mar chuid lárnach den chur chuige níos leithne, domhanda i ngach réimse den chibearspás, lena n-áirítear trí dhlúthchomhar leis an saol acadúil agus an earnáil phríobháideach, chomh maith leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA), Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa laistigh de Europol agus Institiúid AE do Staidéar Slándála<sup>9</sup>
- tacú le tionscnaimh nua maidir le forbairt cibear-acmhainní ina gcuirtear san áireamh na tionscnaimh atá ann cheana, ina gcuirtear leo agus ina gcomhlánaítear iad, agus ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá rochtain ar úsáid gan bhac, gan chinsireacht agus neamh-idirdhealaitheach TFC atá oscailte agus slán, agus úsáid maidir leis an méid sin, chun sochaithe oscailte a chothú agus chun fás eacnamaíoch agus forbairt shóisialta a chumasú;
- Forbairt cibear-acmhainní inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí, in éineacht le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chomh maith le cistiú a shruthlíniú agus a chur in ord tosaíochta, lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as ionstraimí seachtracha agus cláir sheachtracha airgeadais AE;

---

<sup>9</sup> Laistigh dá gcuid sainorduithe faoi seach.

- Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar chreat tagartha dlíthiúil don chomhar idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta ar an leibhéal domhanda agus tacaíocht a thabhairt do thríú tíortha aontú don Choinbhinsiún agus creat dlí náisiúnta íosta a thabhairt isteach chun an chibearchoireacht a chomhrac chomh maith leis na cumais imscrúdaithe agus ionchúisimh is gá a fhorbairt;
- dul i ngleic leis na bagairtí agus na dúshláin a bhaineann le cibearshlándáil, trí chur le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil faisnéise agus trí dlúthchomhar agus trí chomhordú a threisiú i measc geallsealbhóirí idirnáisiúnta trí thionscnaimh a chur ar bun amhail cothú muiníne a fhorbairt, mar aon le comhchaighdeáin, cibearchleachtaí idirnáisiúnta, múscailt feasachta, le hoiliúint, taighde agus le hoideachas, sásraí freagartha teagmhas,
- leas a bhaint as saineolas na cibear-eagraíochtaí náisiúnta, lena n-áirítear foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí, aonaid coireachta ardteicneolaíochta agus comhlachtaí inniúla náisiúnta eile,

### **Rannpháirtíocht straitéiseacha le comhpháirtithe lárnacha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

AITHNÍONN SÍ, mar gheall ar chineál trasearnála domhanda, raon feidhme agus clúdach an réimse dhigitigh, go mbíonn impleachtaí idirnáisiúnta ag gabháil leis an gcuid is mó de na cinntí beartais faoi shaincheistanna a bhaineann leis an gcibearspás lena n-éilítear rannpháirtíocht ghníomhach, comhar agus comhordú san Aontas,

CUIREANN SÍ I dTREIS go ndearnadh a lán forbairtí le déanaí maidir leis an gcibearspás in eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa, ESCE, ECFE, ECAT, AA, OAS, ASEAN, ARF, etc.,

SPREAGANN SÍ AE agus a chuid Ballstát cibear-idirphlé a ullmhú de réir an chreata maidir le comhar beartais atá éifeachtach, lena seachnófar dúbláil iarrachtaí agus lena gcuirfear san áireamh an leas polaitiúil agus eacnamaíoch níos leithne san Aontas, a chuireann gníomhaithe uile AE chun cinn,

MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil comhairliúcháin straitéiseacha AE atá struchtúrtha agus uileghabhálach maidir leis an gcibearspás seolta cheana féin leis na Stáit Aontaithe, an tSín, an tSeapáin, an India, an Chóiré Theas agus an Bhrasáil agus go bhfuil caibidlíocht ar bun faoi láthair le comhpháirtithe eile; ina theannta sin, tá roinnt idirphlé earnálach ag dul ar aghaidh maidir le TFC, leis an gcoireacht eagraithe agus le cearta an duine, a bhfuil sé mar aidhm aige iontaoibh agus muinín a fheabhsú mar aon le hardán a chur ar fáil chun dea-chleachtais a mhalartú, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn, an tslándáil a fheabhsú agus dul i ngleic le saincheistanna ar ábhar leasa coitinn iad,

ATHDHEARBHAÍONN SÍ go n-iarrtar an méid a leanas i straitéis Chibearshlándála AE:

- saineolas na mBallstát maidir le cibearbheartas a iarraidh, chomh maith leis an taithí atá acu ó chaidrimh dhéthaobhacha/ó chomhar déthaobhach chun teachtaireachtaí comhchoiteanna AE maidir le saincheistanna cibearspáis a fhorbairt,
- oibriú chun beartas soiléir AE maidir le cibearspás idirnáisiúnta a bhaint amach trí rannpháirtíocht a fheabhsú le comhpháirtithe agus le heagraíochtaí lárnacha idirnáisiúnta, trí chomhordú na cibear-shaincheistanna domhanda a fheabhsú; trí chaidrimh sheachtracha straitéiseacha a phríomhshruthú agus trí chomhairliúcháin inmheánacha a fheabhsú;
- tacú le beartais, straitéisí agus le hinstitiúidí ábhartha náisiúnta a chruthú i dtríú tíortha a mbeidh sé d'aidhm acu acmhainneacht iomlán eacnamaíoch agus shóisialta TFC a chumasú, córais athléimneacha a fhorbairt agus cibear-rioscaí a mhaolú i gcás an Aontais;

IARRANN SÍ ar an Aontas agus a chuid Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go gceapfar na gníomhaíochtaí Eorpacha sa chibearspás agus na beartais, an dlí agus na tionscnaimh náisiúnta ar bhealach lena cheadófar cur chuige comhleanúnach agus lena seachnófar dúbláil;
- feabhas a chur ar chomhordú na n-idirphlé leis na comhpháirtithe agus iad a bheith rannpháirteach ar bhealach déthaobhach, réigiúnach nó domhanda;
- dlúthchaidreamh a choinneáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha i gcás ina bhfuil na forbairtí is mó sa chibearspás ag tarlú;

- Páirt a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, don earnáil phríobháideach, do na comhphobail theicniúla agus acadúla, i gcás inarb iomchuí, chun beartas AE maidir leis an gcibearspás a mhúnlú agus a chur chun feidhme;
- Faisnéis a roinnt maidir lena gcomhairliúcháin déthaobhacha i ndáil leis an gcibearshlándáil,

AGUS

SPREAGANN SÍ an tAontas agus a chuid Ballstát na Conclúidí seo a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú seasta a dhéanamh ar chuspóirí straitéiseacha an Aontais agus trí thosaíochtaí beartais a leagan síos maidir le cibearthaidhleoireacht AE,

IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tuarascáil a thabhairt go tráthrialta don Chomhairle maidir leis na conclúidí sin a chur chun feidhme, agus SPREAGANN SÍ comhar rialta idir comhlachtaí inniúla ullmhúcháin de chuid na Comhairle, go háirithe leis an meitheal “Cairde na hUachtaránachta” maidir le Cibear-Shaincheisteanna, ar cheart di leanúint de bheith ag feidhmiú mar fhóram trasnaí cuimsitheach do bheartas AE i ndáil le comhar agus chomhordú AE maidir le cibearbheartas.